# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00**

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na ceisteanna eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I: Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II: Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III: Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as CEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as gach grúpa ar leith de na trí ghrúpa, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as ceann ar bith de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar leis seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Na Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Déan cur síos ar conas a tharla sé gur ghabh na hAithnigh agus gur dhaingnigh siad Pulas sa bhliain 425 R.Ch. (15)

(b) Tabhair cuntas ar conas a chloígh na hAithnigh na Spartaigh ar oileán Sfaictéiria. (25)

(c) Cad iad torthaí an bhua seo ar chúrsa Chogadh na Peilipinéise? (10)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna ar chomhaontaigh an Aithin agus Sparta le Síocháin Nicias. (40)

(b) De réir Thúicídidéas, cén fáth nach raibh Síocháin Nicias "i bhfeidhm i gceart riamh"? (10)

(iii) Le linn ullmhúcháin a bheith á ndéanamh don Fheachtas chun na Sicile martraíodh líon mór Hermae ar fud na hAithine.

(a) Mínigh cérbh iad na Hermae. (10)

(b) De réir Thúicídidéas, cén fáth a raibh na hAithnigh corraithe ag martrú na Hermae? (10)

(c) Mínigh conas a bhí martrú na Hermae ina chúis le hAlcaibiaidéas tréigean agus gabháil go Sparta. (30)

(iv) (a) Rianaigh na himeachtaí ba chúis le *Coup* na nOlagarcach sa bhliain 411 R.Ch. (35)

(b) Dar leat, conas a chuir *Coup* na nOlagarcach isteach ar an gcaoi ar riar na hAithnigh an cogadh? (15)

---

### Topaic 2. Alastar Mór. [100]

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Bhí Alastar níos measartha ag ól ná mar a cheaptar de ghnáth." (Plútarc)

An aontaíonn tú leis an ráiteas thuas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra, agus bíodh tagairt agat do na téacsanna dualgais mar thacaíocht leo. (50)

(ii) (a) Déan cur síos ar conas a chloígh Alastar agus na Macadónaigh Darius agus na Peirsigh i gcath Iseas sa bhliain 333 R.Ch. (35)

(b) Cérbh iad na príomhthorthaí a bhí ar bhua Alastair? (15)

(iii) "Bhí fonn an domhain ar Alastar cuairt a thabhairt ar scrín Ammon i Libia." (Arrianas)

(a) Cén fáth a raibh fonn ar Alastar cuairt a thabhairt ar an scrín? (10)

(b) Déan cur síos ar an rud a tharla nuair a shroich Alastar an scrín. Déan tagairt i do fhreagra d'Arrianas agus do Phlútarc araon. (30)

(c) Cad a d'fhoghlaim tú faoi dhearcadh Alastair ar an reiligiún óna chuairt ar Siwah? (10)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar an tsraith imeachtaí a tharla ba chúis le bás Chléiteas. (30)

(b) Conas a chuidigh an fealsamh Anaxarchus chun an t-aiféala a bhí ar Alastar i ndiaidh bhás Chléiteas a mhaolú? (5)

(c) Déanann Arrianas agus Plútarc araon leithscéalta d'Alastar as Cléiteas a mharú. Cad é do thuairim dá gcuid iarrachtaí é a mhaitheamh dó? Bíodh tagairt agat do na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Scríobh cuntas achomair ar fheachtas Phoimpéas in aghaidh Sheartóirias sa Spáinn. (40)

(b) Ón léamh atá déanta ar Phlútarc, cén tuairim a fuair tú de Sheartóirias? (10)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht dualgais le Sallaistias, cén tuairim a fhaigheann tú de Chaitilíne? (30)

(b) De réir Shallaistias, cad iad na cineálacha daoine a ndearnadh lucht leanúna de chuid Chaitilíne díobh? (20)

(iii) (a) Sa sliocht *I gCoinne Antaine* le Cicearó, cad a bhraitheann Cicearó a bheith chomh gránna sin faoi iompar Antaine ag féile na Lupercalia? (20)

(b) Sa sliocht céanna, cén dearcadh atá ag Cicearó ar fheallmharfóirí Iúil Caesar? (15)

(c) Cén coimriú a dhéanann Cicearó ina dhiaidh sin ar charachtar agus ar éachtaí Iúil Caesar? (15)

(iv) (a) Déan cur síos ar an rud a tharla tar éis gur ghabh foghlaithe mara Iúil Caesar sa bhliain 75 R.Ch. (35)

(b) Cad a fhoghlaimímid faoi charachtar Chaesair óna chuid déileálacha leis na foghlaithe mara? (15)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Le linn do na himeachtaí seo a bheith ar siúl sa Róimh, thosaigh ceannairc san arm seasta in Pannonia." (Tacatas, *Annála Impireacht na Róimhe*)

(a) Tabhair breac-chuntas ar phríomhghearáin agus ar éilimh an lucht ceannairce. (30)

(b) Déan cur síos ar conas a chuir mac Thibir, Drusus, deireadh leis an gceannairc sa deireadh. (20)

(ii) Scríobh cuntas ar bheatha Agrippina, bean chéile an Impire Cláidias agus máthair an Impire Néaró. (50)

(iii) "Rinneadh a lán plé ar Ágastas é féin." (Tacatas, *Annála Impireacht na Róimhe*)

(a) Tabhair breac-chuntas ar an moladh agus ar an cáineadh a rinneadh ar Ágastas i ndiaidh a shochraide, de réir an chur síos a dhéanann Tacatas orthu. (40)

(b) An dóigh leat go raibh Tacatas neamhchlaon ar fad sa chuntas a thug sé ar an díospóireacht seo? Mínigh do fhreagra. (10)

(iv) "Chuir an chéad nuacht faoina bhás an oiread sin gliondair ar dhaoine sa Róimh go ndeachaigh siad ag rith thart agus iad ag liúireach 'don Tibir le Tibir'." (Séatóinias, *An Dáréag Caesar*)

Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, conas a mhíneofá gliondar mhuintir na Róimhe ar bhás an Impire Tibir? (50)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan mionscrúdú ar na cineálacha difriúla grinn sa dráma *Froganna* le hAristophanes. (50)

(ii) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, déan achoimre ar an ionsaí a rinne Méidé ar Iasón nuair a tháinig siad os comhair a chéile den chéad uair. (30)

(b) An aontófá go bhfuil an chosaint a dhéanann Iasón ar a chuid gníomhartha cothrom agus réasúnta? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) (a) Sa dráma *Proiméitéas Faoi Laincis* le hAescaileas, déan comparáid idir dearcadh Oceanus ar Shéas agus dearcadh Heirméas ar Shéas. (25)

(b) Cén difríocht a bhí idir freagairt Phroiméitéas d'Oceanus agus a fhreagairt do Heirméas? Conas a mhíníonn tú an difríocht sin? (25)

(iv) Déan anailís ar an gcoibhneas idir Éideapús agus Creon sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Cuir carachtar Thurnus san *Aeinéid* i gcomparáid le carachtar Fherdia sa *Táin*. (50)

(ii) Déan comparáid idir ról Véineas san *Aeinéid* agus ról Aitéine san *Odaisé*. (50)

(iii) Rianaigh an fhorbairt a thagann ar charachtar Telemachus ó thús an *Odaisé* go dtí an Cath sa Halla. (50)

(iv) "Is fusa meas a bheith ag duine ar Aeinéas ná taitneamh a bhaint as." Déan cíoradh ar an dearcadh seo ar laoch Veirgil. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheist** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Cad iad na príomhthéamaí a ndéanann Óivid iniúchadh orthu sna dánta dualgais ar do chúrsa? (30)

(b) Cad é do rogha dán le hÓivid? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Conas a mhíníonn Livias bua mór Hannibal ar na Rómhánaigh i gCath Cannae? (35)

(b) An gceapann tú gur chaith Livias go cóir le Hannibal sna téacsanna dualgais? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) (a) *Sa Domhan Thíos* le Veirgil, conas a chuirtear síos ar an bhfarantóir Charon? (15)

(b) Conas a chruthaíonn Veirgil atmaisféar an uafáis agus na fíorghruaime ina chur síos ar an Domhan Thíos? (20)

(c) An gcorraíonn cur síos Veirgil ar na hanamacha thú? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) Déan plé ar an dearcadh cé gur file an chairdis agus an tsaoil shocair é Horáit gur file an phaisin é Proipeirtias. (50)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** an plean de theampall Apalló i nDeilfe.

(a) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach inar tógadh an teampall seo? (5)

(b) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil? (10)

(c) Agus na téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat, tabhair cur síos ar an teampall seo. (35)

(ii) Déan staidéar ar an vása a léirítear i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál seo vása? (5)

(b) Cén fheidhm a bhí ag vásaí dá leithéid? (5)

(c) Cén t-ionad potaireachta ar tháinig an vása seo as? (10)

(d) Déan trácht ar ornáideachas an vása. (30)

(iii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht a léirítear i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén tréimhse den dealbhóireachta Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(b) Sainaithin an fhíor a léirítear sa lár. (5)

(c) Cad iad na deacrachtaí a bhí os comhair an dealbhóra agus cén iarracht a rinne sé iad a shárú? (20)

(d) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht ón tréimhse Heilléanach.

(a) Sainaithin an dealbh a léirítear. (5)

(b) Cén fáth ar cuireadh dealbha dá leithéid suas in áiteanna poiblí? (5)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse Heilléanach? (20)

(d) Déan trácht ar éacht ealaíne dhealbhóir na deilbhe seo. (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheist** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Déan achoimre ghairid ar Fháthscéal an Chaptaein Mhara agus an Ainmhí Mhóir Chumhachtaigh le Sócraitéas. (30)

(b) Mínigh conas a d'úsáid Platón na fabhalscéalta seo chun a chuid tuairimí ar an daonlathas a chur in iúl. (20)

(ii) "Is . . . mar sin a roghnóinn agus a cheapfainn ár Rialtóirí agus ár gCaomhnóirí." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Mínigh conas, de réir Shócraitéas, atá na Rialtóirí agus na Cúntóirí le roghnú. (20)

(b) Déan cur síos achomair ar shlí bheatha na Rialtóirí agus na gCúntóirí. (30)

(iii) "Conas a cheapann tú go mbeidh ár stát in ann cogadh a chur, a Shócraitéas, mura bhfuil saibhreas ar bith aige, go mór mór má bhíonn air troid in aghaidh namhad mór saibhir?" (Platón, *An Phoblacht*)

Mínigh conas, de réir Sócraitéas, a bheadh a stát idéalach in ann an bua a fháil ar stát naimhdeach a bheadh níos mó agus níos saibhre ná é. (50)

(iv) Sa *Seachtú Litir* le Platón, conas a mhíníonn agus a chosnaíonn sé a fhilleadh ar Shioracús den dara huair? (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean Aosta (*Augusta Praetoria*).

(a) Sainaithin na gnéithe atá léirithe ag **c, d, e, ff**, agus **gg**. (15)

(b) Cén fáth ar bhunaigh an t-impire Ágastas Aosta sa bhliain 25 R.Ch? (10)

(c) Déan trácht ar shuíomh an amfaitéatair in Aosta. (10)

(d) Bain úsáid as an bplean chun trácht ar dhearcadh Wheeler gur dhaingean míleata é Aosta a raibh roinnt gnéithe de thaitneamhachtaí cathartha ag baint leis. (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** agus **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** dhá amfaitéatar cháiliúla Rómhánacha.

(a) Sainaithin na hamfaitéatair atá léirithe. (10)

(b) Cén fhianaise atá ann go mbaineann an t-amfaitéatar i **bhFótagraf F** le dáta an-luath? (15)

(c) Déan trácht ar na forbairtí ailtireachta a tharla idir an dá amfaitéatar. Déan tagairt i do fhreagra don taobh amuigh agus don taobh istigh den dá amfaitéatar. (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** rilíf ó Áirse Thíteas sa Róimh.

(a) Cén t-imeacht tábhachtach atá á chomóradh sa rilíf seo? (10)

(b) Mínigh cad a chiallaíonn Wheeler le "prionsabal an éadanais (*frontality*)" i ndealbhóireacht rilífe Rómhánach. Bain leas as **Fótagraf H** chun úsáid an phrionsabail sa dealbhóireacht seo a léiriú. (25)

(c) "Ar dhóigh dháiríre, is cor é carbad Thíteas san ealaín chlasaiceach." (Wheeler) Conas a chosnaíonn Wheeler an ráiteas seo? (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** múrdhathadóireacht ó Phoimpé.

(a) Scríobh cur síos ar an dathadóireacht. (25)

(b) Déan plé ar dhearcadh Wheeler gur "ar éigean atá níos mó ná sceitse sa radharc plódaithe ach léiríonn sé an eipeasóid go beoga." (25)

**LEATHANACH BÁN**

**LEATHANACH BÁN**